CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

## PREASEISIÚINT Uimh. 41/25

**Lucsamburg, 3 Aibreán 2025**

Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais i gCás C-743/24 | [Alchaster II] [1]

# Barántais ghabhála arna n-eisiúint ag an Ríocht Aontaithe: ní chuirtear cosc le déine na gcoinníollacha maidir le scaoileadh saor coinníollach, i bprionsabal, ar thabhairt suas an duine iarrtha

*Ní hionann déine den sórt sin, i bprionsabal, agus pionós níos troime a fhorchur ná an pionós ab infheidhme ar dtús*

Den dara huair, cuireann Cúirt Uachtarach na hÉireann ceist faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais i gcás inar iarr údaráis na hÉireann ar cheart duine atá faoi dhrochamhras go ndearna sé sraith cionta coiriúla sa Ríocht Aontaithe a thabhairt suas don Ríocht Aontaithe faoi fhorálacha ábhartha an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair (CTC) [2] idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe.

D'eisigh breitheamh dúiche de Chúirt Dúiche Thuaisceart Éireann ceithre bharántas gabhála i leith duine atá faoi dhrochamhras go ndearna sé cionta a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht i dTuaisceart Éireann. Os comhair Chúirt Uachtarach na hÉireann, d'áitigh an duine lena mbaineann go mbeadh a thabhairt suas ar neamhréir le prionsabal na dlíthiúlachta i dtaca le cionta coiriúla agus pionóis mar gheall ar leasú neamhfhabhrach ar na rialacha maidir le scaoileadh saor coinníollach arna nglacadh ag an Ríocht Aontaithe tar éis dhéanamh líomhnaithe na gcionta atá i gceist.

Ina breithiúnas in *Alchaster*, [3] mar fhreagra ar an gcéad iarraidh ar réamhrialú, chinn an Chúirt nach mór d'údarás breithiúnach Ballstáit scrúdú a dhéanamh an bhféadfadh tabhairt suas duine don Ríocht Aontaithe de bhun barántas gabhála dochar a dhéanamh do chearta an duine sin a eascraíonn as Airteagal 49(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'), lena dtoirmisctear, *inter alia*, forchur cúlghabhálach pionóis níos troime. Ag deireadh an scrúdaithe sin, ní fhéadfaidh an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach diúltú an barántas gabhála a fhorghníomhú ach amháin más rud é, tar éis dó faisnéis bhreise agus ráthaíochtaí breise a iarraidh, go bhfuil fianaise bheacht agus cothrom le dáta aige go bhféadfaí pionós níos troime a chur ar an duine ná an pionós a tabhaíodh ar dtús ar dháta déanta líomhnaithe an chiona.

Leis an dara hiarraidh ar réamhrialú, fiafraíonn Cúirt Uachtarach na hÉireann an gcumhdaítear leis an toirmeasc, a leagtar síos sa Chairt, 'pionós níos troime' a fhorchur ná an toirmeasc is infheidhme tráth a líomhnaítear go ndearnadh an cion, an cás ina bhfuil na coinníollacha maidir le scaoileadh saor coinníollach níos doichte.

Freagraíonn an Chúirt **nach meastar gur forchur pianbhreithe níos troime é leasú lena gceanglaítear ar phríosúnach dhá thrian ar a laghad dá phianbhreith a chur isteach sula mbainfí tairbhe as scaoileadh saor coinníollach ar choinníoll go measann údarás speisialaithe nach bhfuil gá lena choinneáil a thuilleadh chun an tsochaí a chosaint, ach lena bhforáiltear, in aon chás, do scaoileadh saor coinníollach den sórt sin bliain amháin roimh dheireadh na pianbhreithe, fiú má ceadaíodh leis an gcóras roimhe sin scaoileadh saor coinníollach uathoibríoch tar éis leath na pianbhreithe faoi choinneáil a bheith curtha isteach.**

Measann an Chúirt nach gá a mheas go bhfuil forchur pionóis níos troime i gceist leis an bhfíoras gurb é atá i gceist

le leasú ar an gcóras maidir le scaoileadh saor coinníollach déine ar staid na coinneála. Eascraíonn an breithniú sin as an deighilt idir an coincheap 'pianbhreith', a thuigtear mar an phianbhreith a fhorchuirtear nó is dócha a thabharfar, ar thaobh amháin, agus an coincheap 'forghníomhú' nó 'cur i bhfeidhm' na pianbhreithe, ar an taobh eile.

A mhéid nach n-aisghairtear go bunúsach leis na leasuithe atá i gceist an fhéidearthacht maidir le scaoileadh saor den sórt sin agus nach gcuireann siad le cineál an phionóis arna thabhú ar dháta déanta líomhnaithe na gcionta atá i gceist, ní sháraíonn a gcur i bhfeidhm ar chionta a rinneadh sular tháinig siad i bhfeidhm an ceart bunúsach, a ráthaítear leis an gCairt, gan pionós níos troime a ghearradh ná an pionós a bhí infheidhme tráth a líomhnaítear go ndearnadh an cion.

Measann an Chúirt go gcaomhnaítear an fhéidearthacht maidir le scaoileadh saor coinníollach le córas amhail an córas a bheadh infheidhme i gcás an duine lena mbaineann a thabhairt suas don Ríocht Aontaithe. Tugann sí faoi deara freisin nach ionann an oibleagáid maidir le scaoileadh saor ar choinníoll a chur faoi cheist tar éis don duine sin leath den phianbhreith a bheith curtha isteach aige agus síneadh a chur leis an uastréimhse ar lena linn a d'fhéadfaí an duine sin a choinneáil ar deireadh. Ina theannta sin, tá baint ag cur i bhfeidhm critéir atá bunaithe ar chontúirt an duine faoi phianbhreith tráth a scaoilte saor coinníollach féideartha, mar gheall ar a chineál féin, le forghníomhú na pianbhreithe.

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna de chraoladh an bhreithiúnais ar 'Europe by Satellite' ✆ (+32) 2 2964106.

**Fanaigí i dteagmháil linn!**

[1] Is ainm bréige é ainm an cháis seo. Ní fhreagraíonn sé d'fhíorainm aon pháirtí sna himeachtaí.

[2] An Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile.

[3] Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 29 Iúil 2024, *[Alchaster]*, C-202/24 (féach freisin Preaseisiúint Uimh. 117/24).